



27 Iúil 2016

Foras na Gaeilge

Tag: Ciste do Leabharlanna

A chara,

Tá áthas orm a chur in iúl duit go bhfuil ciste teoranta á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge arís i mbliana mar thacaíocht do leabharlanna timpeall na tíre ar mhaithe le hócáidí liteartha le scríbhneoirí/údair Ghaeilge a chur chun cinn sna leabharlanna. Beidh cead ag leabharlann cur isteach ar thacaíocht suas le €500 i leith gach ócáid liteartha Ghaeilge a eagraítear sa leabharlann. Tá an maoiniú á chur ar fáil chun táille agus costais taistil scríbhneoir(i)/údair amháin a chlúdach. Beifear ag súil go n-íocfar táille réasúnta nach lú ná €200 leis na scríbhneoirí/údair i láthair. Tá an ciste seo ar fáil d'ócáidí dírithe ar aon aoisghrúpa.

Tá Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge agus/nó Cumann na bhFoilsitheoirí ar fáil más mian libh aon chomhairle a fháil maidir leis an gcineál ócáid a d'fhéadfaí a eagrú. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge - cathalpoirteir@gmail.com

Cumann na bhFoilsitheoirí - tadhg@futafata.ie

Ní mór teagmháil a dhéanamh le hoifig Chlár na Leabhar Gaeilge i Ráth Chairn ag leabhar@forasnagaeilge.ie /046 9430419 chun foirm iarratais a lorg. Is é 13:00 Déardaoin 1 Meán Fómhair, 2016 an spriocdháta d'iarratais. Glacfar le hiarratais ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce' agus déanfar measúnú agus cinneadh go dtí go bhfuil an spriocdháta istigh nó an buiséad ídithe.

I am pleased to inform you that Foras na Gaeilge has made a limited fund available again this year to support libraries around the country for the purpose of organising literary events with Irish language writers/authors. A library may apply for support up to a maximum value of €500 for each Irish language event organised. The funding is provided to cover the writer/author's fee and travel expenses. A fee of no less than €200 should be paid to every author participating in an event. This fund is available for events directed at any and all age groups.

Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge and/or Cumann na bhFoilsitheoirí can provide advice, if needed, regarding the type of event that could be organised. Their contact details are:

Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge - cathalpoirteir@gmail.com

Cumann na bhFoilsitheoirí - tadhg@futafata.ie

An application form may be obtained by contacting Clár na Leabhar Gaeilge's office in Ráth Chairn at leabhar@forasnagaeilge.ie /046 9430419. The closing date for receipt of applications is 13:00 Thursday, 1 September, 2016. Applications will be accepted, assessed and decision made on a 'first come first served basis' until the closing date expires or the budget is exhausted.

Is mise, le meas,


Aedín Ní Bhroin.